Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Athscríbhinn den fhíseán**

# Video title: Cad iad na rialacha nua atá ann in 2022 chun tomhaltóirí árachais tí agus gluaisteán a chosaint?

Tá **rialacha nua** foilsithe ag Banc Ceannais na hÉireann chun **tomhaltóirí árachais a chosaint.**

1. Tá cosc curtha againn ar chleachtas ar dtugtar **siúl praghsanna**.
   Is é sin, **dá fhaide a fhanann tomhaltóirí** leis an soláthraí árachais céanna, is ea is airde na préimheanna a ghearrtar orthu - agus **níl aon chúis eile** leis na préimheanna níos airde sin.

   Má tá d'árachas tí nó gluaisteán á **athnuachan** agat **don dara huair nó níos minice**, ní féidir le do sholáthraí árachais **méid níos mó a ghearradh ortsa** ná mar a ghearrfaí ar thomhaltóir a bhfuil athnuachan á dhéanamh acu don chéad uair agus a bhfuil **próifíl riosca** chomhchosúil agus **costas seirbhíse** comhchosúil acu.

2. Éilímid ar sholáthraithe árachais athbhreithniú a dhéanamh ar a **mbeartais agus a bpróisis phraghsála** ar bhonn bliantúil.

   Cinnteoidh sé seo go bhfuil soláthraithe **ag cloí lenár rialacha nua** agus go bhfuil siad **ag caitheamh go cóir lena gcustaiméirí.**

3. Cinnteoimid go bhfuil an **próiseas uathoibríoch um athnuachan polasaí** comhsheasmhach agus trédhearcach.
   Beidh **fáil ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis chéanna**, is cuma cén soláthraí atá acu. Ar an gcaoi sin, beidh siad ábalta **cinntí eolasacha** a dhéanamh nuair a bheidh árachas á athnuachan acu. Agus meabhróidh sé do thomhaltóirí **smaoineamh ar athrú** go dtí soláthraí árachais eile.

Beidh éifeacht leis na rialacha seo go léir ón **1 Iúil 2022**.

[Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, Banc Ceannais na hÉireann]

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Athscríbhinn den fhíseán

Is cloch mhíle thábhachtach iad na rialacha nua seo maidir le tomhaltóirí árachais in Éirinn a chosaint.

Tá deireadh á chur againn le siúl praghsanna mar sílimid go bhfuil sé míchothrom agus do-ghlactha. Agus, le tabhairt isteach na rialacha seo, cinnteoimid go gcaithfear go cóir agus go comhsheasmhach le tomhaltóirí.

Molaimid do thomhaltóirí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a bpolasaithe árachais chun a chinntiú go bhfuil na polasaithe sin ag freastal ar a riachtanais i gcónaí agus chun féachaint an bhfuil luach níos fearr le fáil acu sa mhargadh.

**TUILLEADH EOLAIS:** centralbank.ie/rialachainarachais